

AN TARBH CUTHACH

Bhí mac nÉireann annseo fadó agus phós sé. Ní rabh sé ach blian pósta san am a rabh mac aige. Ní rabh an mac ach leithbhliain d'aois ins an am ar cailleadh a mháthair. Bhí an t-athair dhá thógáil chomh maith agus d'fhéad sé. D'íoc sé banaltra a tabhairt dó. Chuir sé ar sgoil é nó go dtugadh sé an oiread foghlaim dó agus d'féadfadh a cheann finne. Ins an am a raibh sé seacht mbliana d'aois phós a' t-athair aríst. Is ionndamhail go mbíodh sé tamallach den aimsir imthighte as a' mbaile.

D'fíafraigh an leas-mháthair den mhac lá ar mhaith leis a ghul ag imirt cluiche cártaí. Dubhairt sé nár mhiste leis. Chuir mac an Rí, chuir sé amach an chéad chluiche. "Tabhair do bhreith anois" adeir sí. "Ná bac leis" adeir mac an Rí "go n-imrimuid ceann eile."

Chuir sise amach an dara cluiche. "Tabhair do bhreith anois" adeir mac an Rí. "Ní beag duitse a thúisge" adeir sí. "Cuirimse faoi bhreith agus faoi gheasa thú gan an darna béile ithe ar aon bhord ná an darna oidhche a chodladh ar aon leaba nó go dtuga chugamsa trí fiacla Rí Gréig atá ins a' Domhan Thiar." "Déanfa sin" adeir mac an Rí, ach cuirimse thusa faoi bhreith agus faoi gheasa agus faoi mhór dhioma na bliana i do sheasamh suas ar bhinn a'teampuill agus gan sin a fhágáil de shiubhal oidhche nó lae nó go mbeidh mise ar ais aríst agus gan aon bhlas ithe ná a ól ach gach a dtoicfaidh trí chró snáthaide móire ó phunann coirce a bhéas ceangailte ag an mbinn eile, más fada gearr a bhéas mé amuich."

"Dona go leor" adeir sí, "ach caithfidh gach aonduine é a thriáil amach." Nuair a tháinig an t-athair tráthnóna bhí cosmhalacht an-bhrónach ar an mbeirt. Chuir an mac osna as a bhrisfeadh gabhal éadain sa teach. "Osna mhac an Rí faoi gheasa" adeir an t-athair. "Ní geasa gan é" adeir an mac.

Thosaigh gach aon duine acab ag innseacht a sgéil féin. Bhí fhios ag an athair go rabh an leas-mháthair ag iarraidh an mháthair a chur chun báis.

"Anois" adeir an t-athair, "fan ag baile agus ní tiubhraidh mise an darna béile ag aon bhord duit ná an darna hoidhche ar aon leabaidh go ceann lá is bliain agus beidh do gheasa curtha dhíot a'd annsin. "Ní dhéanfa sé gnaithe" adeir an mac, "caithfidh mé ghul san áit ar horduigheadh dhom."

Réitigheadar le chéile iad féin. Chuaidh an leas-mháthair ar bhinn an teampuill agus an capall ab fhearr a bhí ag a' Rí chuir sé diallaid uirthé agus chuir sé an mac a' marcaidheacht. D'éirigh sí sin de léim agus an braon a thuitfeadh ag na cluasa thuitfeadh sé siar le na drioball, bhí sí chomh sleamhain sin. Thiubhradh sí seacht gcnoc agus seacht ngleann léithe, seacht mbaile caisleán dá mbeidís ann. Bhí sí a' tabairt acraí, rútaí agus péirsí corra leithe, cnoc is fich de léim agus aon cheann déag de thruslóg. Bhí an t-athair a' cur a sheacht míle beannacht leis nó gur imthigh sé as amharc ach ba ghearr é sin. Bhí sé ag imtheacht agus a' síorimtheacht ariamh go raibh diúin agus deireadh an lae a' tigheacht. Chonaic sé solus i bhfad uaidh agus an oidhche ann agus é féin agus an capall tuirseach dá fheabhas dá raibh

sí. Dubhairt sé go dtriallfadh sé ar an áit a rabh an solus go leigeadh sé an oidhche thairis ann.

Nuair a tháinig sé gar don teach bhí fear a' tighe ina sheasamh sa sa dorus. Chuir sé céad míle fáilte roimhe chomh maith is dá bhfeiceadh sé go minic é, gur cheap sé go raibh gotha fear ar fóghnamh air. D'fíafraigh mac an Rí dó a dtiubhradh sé lóistin go maidin dó. Dubhairt sé go dtiubhradh, nár chuir sé aon strainséar amach ariamh. Bhain sé a diallaid den chapall agus chuir sé ar stábla í. Dubhairt fear a'tighe le n-a bhean a bhéile a fhágghail go beo dó, go bhféadfadh tart agus ocras a bheith air. Nuair a bhí sé réidh le n-a bhéile shuidheadar síos a' cainnt is a' comhrá.

"Feicim" adeir fear a' tighe, "go bhfuil cosmhalacht fear ar fóghnamh ort, agus an-mhinic chonaic mé fear maith a' gul thart an bealach seo a chaith oidhche in mo theach agus agus ní fhaca mé aon fhear ariamh aca a' filleadh ar ais. Nó an miste dom fiafruighe cá bhfuil tú a' gul."

D'innis mac an Rí dó go raibh sé faoi gheasa ag a leas-mháthair gan stopadh agus gan comhnaidhe choidhchin nó dtugadh sé chuiche trí fiacla Rí Gréige as a' Domhan Thiar. "Tá faitchíos orm, a dhuine bhoicht," adeir fear a'tighe, "gur mío-ádhfach a' t-aistear a bhfuil tú a' gul. Tiubhraidh mise comhairle dhuit. Nuair a thioctas tú gar don chaisleán a bhfuil sé sin ann ná bíodh an iomarca deifir ort isteach ort. Féachaint a bhfuighfeá tuairisg ó dhuine ar bith nó a' gcuirfidís ar an eolas tú céard a dhéanfa shul a dtéighe tú chomh fada leis." "Déanfa sin" adeir mac a'Rí, "tá mé an-bhuidheach díot.

Chaith sé féin agus fear a'tighe an oidhche, trian le fiannaidheacht, trian le sgéalaidheacht, trian le caitheamh bídh agus dighe trom-suan agus síor-chodlata. Bhí blas na meala acab ar gach uile ghreim agus gan aon ghreim tor dhe óna thús go dtí na dheireadh.

Ar maidin dá mhoiche ar eirigh an lá is moiche ná sin d'eirigh mac a' Rí agus shocruigh sé a dhiallaid ar a chapall agus bhuail sé a' marcaidheacht. D'imthigh sí chomh tréan agus gurb é an chaoi a rabh sí ag freagairt do chuile fhear a chonaic í a bheith idir an t-aer agus an talamh, nár stop sí agus nár mhóraithe sí go ndeachaidh sí don domhan siar.

Nuair a chonaic sé i bhfoisgeach ceathramha míle don Domhan Siar nó níos goire tháinig sé anuas dá chapall agus bhí sé ag siubhal léithe. Bhí inghean Rí Gréige i mbarr a'tighe a' breathnú amach tríd an bhfuinneog. Chonaic sí fear a' tigheacht nach bhfaca sí a leitheid i gcaitheamh a saoghail cheana. Tháinig sí anuas agus shiubhail sí anuas trí chéad slat ón gcaisleán go labhruigheadh sí leis. Chuir sí céad míle fáilte roimhe agus d'fíafraigh sé de mhac Rí nÉirinn cá rabh sé a' gul. D'innis sé di go raibh sé faoi gheasa ag a leas-mháthair a thigheacht go bhfuigheadh sé trí fiacla ó Rí Gréig. "Tá faitchíos orm" adeir sí, "gur dona an t-aistear a dtug do chosa thú. Sin trí fiacla" adeir sí "a thug m'athair as Éirinn trí chéad bliain ó shoin agus níl aon lá ó shoin" adeir sí "nach bhfuil clann righthe ag tigheacht dhá dtóridheacht. Tá m'athair ag cur deis bháis ar chuile dhuine acab agus ní dheacha aon duine ariamh acab ar ais aríst. Tá faitchíos orm gurb é an rud céadhna a eireochas duitse." "Well," adeir mac a' Rí, "tá súil a'm go gcuirfidh tú ar an eolas mé ó tháinig mé ar an aistear."

"Cuirfidh m'athair a' glanadh an stábla atá annsin thíos thú ar an gcéad iarraidh atá lán le abhais, agus ní bheidh chúig mhóiméad de shaoghal annsin agat go mbeidh tú stróicthe ó chéile acab sin" adeir sí. "Cén chaoi a shábháilfidh mé mé féin orthab" adeir mac a'Rí. "Fan annseo go dtige mise amach agus tá liathróid ag m'athair agus chomh luath agus a fheicfeas siad seo thú, an chéad cheann acab a fhosglóchas a bhéal go mbeire sé ort caithfidh tú an liathróid leis agus má chuireann tú an liathróid seo ina bhéal tachtfaidh sí é agus caillfear chuile cheann acab ó cheann go ceann go dtí an ceann deireannach.

Chuaidh sí isteach agus thug sí amach an liathróid chuige agus d'innis sí don athair go raibh sé ann agus gur theastuigh uaidh a fheiceál. Tháinig an t-athair amach agus chraith sé lámh le mac Rí nÉirinn agus chur sé fáilte roimhe agus d'fiafruigh sé dhe céard a chas a' bealach seo é. D'innis sé seo dhó go rabh sé faoi gheasa ag a leas-mháthair gan stopadh choidhchin go dtugadh sé trí fiacra Rí Gréige as an Domhan Thiar.

Bhí fhios ag Rí Gréige ar a' bpointe is a labhair sé ar na fiacra go raibh an fear ceart tagtha mar b'as máthair mhór bean a' Rí, leas-mháthair an fhir óig seo a baineadh na trí fiacra seo – trí cúilfiacra. Fuair sí trí chéad bliain de shaol. Cheap Rí Gréige gurb iad na cúilfiacra seo a' tabhairt saoghail fada dhi agus badh iad, agus dá mbeidís aige féin agus iad curtha isteach in áit trí cúilfiacra eile go mairfeadh sé beo choidhchin.

"Anois" adeir sé le n-a bhean "níl fhios a'm beo céard a dhéanfas mé" ag innseacht dhí go dtáinig mac rí ag iarraidh na bfiacra seo. "Níl fhios a'm-sa" adeir a' bhean. "Measann tú" adeir sé, "tá seanchapall sa bpáirc a'm, dá dtarraingighinn trí cúilfiacra aiste agus iad seo a chur isteach ina n-áit i gcloigeann a' chapail." "Ní bheadh blas locht air" adeir sí.

Tharraing sé na trí cúilfiacra ab fhuide siar i gcloigeann a' chapail agus chuie sé isteach i gcloigeann a' chapail na trí fiacra a thug sé leis as Éireann.

Chuaigh sé chuig mac a' Rí. "Tiubhraidh mise duit iad sin agus míle fáilte," adeir sé, "má théann tú amach agus an stábla sin amuigh a ghlanadh. Tá sé lán le amhais agus is maith liom iad a chaitheamh amach as.

Thug sé eochair dhó a bhain a' glas dhe agus nuair d'fhosgail sé an doras d'fhosgail amhas a bhí i gcoirnéal a'tighe, d'fhosgail sé a bhéal chomh mór agus go bhfaca mac a' Rí an dubhradán dubh a bhí thiar i dtóin a potóige le áthas as ucht mac rí a bheith le n-ithe aige. Ní dhearna mac a' Rí ach ach lámh a chur ina phóca agus an liathróid a chaitheamh leis agus í a chur siar ina mhuineál agus é a thachtadh. Cailleadh chuile amhus ar a'bpointe dá rabh istig ins a' stábla.

Bhí sé ina fhear an-tsásta annsin, agus dubhairt Rí Gréige leis an inghin is óige a bhí aige a ghul amach agus a bhéile a thabhairt chuige, "má tá sé beo," adeir sé, ach ar ndú ní, an stuf is measa a bhí sa teach.

"Gabhfaidh mise ann" adeir an inghean is sine. Chuaidh sí amach agus thug sí chuige an stuf ab fhearr sa teach. Bhí sé seo ina shuidhe síos a' leigean a sgíth, agus na hamhais caithte amach aige ina gcarnán. "Is maith an fear thú" adeir inghean Rí Gréige. "Suidh síos" adeir sí "go n-ithidh tú do bhéile." Shuidh agus d'ith. Nuair a bhí a bhéile ithte aige, "gabh isteach anois" adeir sí "agus abair leis go bhfuil an teach glanta amach agat."

Chuaidh sé isteach. "Tá an méad sin oibre" ar seisean "déanta agam." "Is tú an fear is fearr" adeir Rí Gréige "a chonaic mé ariamh, ach beannacht duit-se agus mallacht do bhéal do mhúinte. Tá na trí fiacra le fághail ach go ngabhfaidh mise i bhfolach trí huaire agus caithfidh tú mé a fhághail amach gach uair de na trí huaire. Annsin caithfidh tusa a ghul i bhfolach trí huaire" adeir sé le mac Rí nÉirinn, "agus má fhaghaim-se amach thú aon uair de na trí huaire tá an cloigeann le cailleadh agat.

Badh é Rí Gréige a bhí a'gul i bhfolach ar dtús. Sul a rabh sé baileach ina oidhche d'imthigh sé a' gul i bhfolach. "Anois" adeir inghean Rí Gréige le mac Rí nÉirinn "tá do dhóthain romhat nó cá ngabhfaidh tú dhá thoraidheacht? Tá sé gaibhte i bhfolach anois." "Níl fhios agam beo" adeir mac Rí nÉirinn "cá dtosóchaidh mé mara bhfuil fhis agat féin é." "Tá fhios" adeir sí. "Tá loch a' tigeacht 'un binn na cúirte, loch cruinn, níl ar an loch ach aon oileán amháin. Tá cloch mhór istigh ar an oileán de chloch mhór cruinn agus agus tá teach gearrtha istigh ina lár aige. An chomhla atá ar an doras aige níl aon aithne uirthé ach an oiread is atá ar aon chuid eile den charraig. Tá sé féin ina shuidhe ina chathaoir ann istigh. Téirigh thusa agus tabhair leat an gró agus na geanntracha atá i gcoirnéal a' sgiobóil. Buail síos agus an bád a gheobhfas tú ag an gcéibh faoin gcúirt leag innte isteach iad agus teirigh isteach ar an oileán. Nuair a thioctas tú i dtír ná leig ort féin tada ach a' breathnú timcheall ort agus abróchaidh tú go mba dheas an áit é dá mbeadh an charraig seo briste, curtha as an mbealach. Siubhailfidh tú síos agus gheobhfaidh tú t-ord agus tosóchaidh tú ag gul thart timcheall uirthé agus ag bualadh buille truim sa chuile áit. Níos túisge ná bhrisfidh tú comhla an doruis fuagróchaidh sí ort, go bhfuil sé féin annseo.

Rinne sé mar dubhairt sí. "Tá tú faighte amach agam" adeir mac Rí nÉirinn. "Táim" adeir Rí Gréige, "ach beannacht dhuitse agus mallacht do bhéal do mhúinte." Ní raibh beirt ar bith a bhí chomh mór le chéile is a bhí Rí Gréige agus mac Rí nÉirinn go dtí an tráthnóna. "Caithfidh mise imtheacht anois go gcuiridh mé mé féin i bhfolach" adeir Rí Gréige. Chuaidh.

Nuair a fuair an inghean imthighthe é gaibhte i bhfolach, "Cá bhfuil tú a ghul le n-a fhághail i mbárach?" adeir sí le mac Rí nÉirinn. "Níl fhios agam beo" adeir sé, "mura bhfuil fhios agat féin." "Tá fhios" adeir sí. "Tá cloch gearrtha i mbarr na binne ar an taobh thiar den chaisleán agus tá sé istigh ina lár agus i mbárach ná bíodh mórán deifir ort chor ar bith ach a siubhal thart timcheall an chaisleáin agus ag breathnú timpeall ort; agus gurb í an obair is breaghtha a chonaic tú ariamh dá mbeadh an chloch seo caithte anuas uiliug as. Tiubhra tú leat an dréimre fada atá istigh ins a gcaisleán agus t'ord agus leagfaidh tú suas leis a' mbinn é, agus chomh luath agus aithneochaidh sé seo thú fuagróchaidh sé ort go bhfuil sé féin annseo. Abair leis annsin gur sheafóideach an áit a ndeachaidh sé i bhfolach."

Rinne sé seo mar horduigheadh dhó agus chomh luath agus d'airigh Rí Gréige a' gul anuas a'dréimre é d'fhuagair sé go raibh sé féin annseo. "Is maith an fear thú" adeir sé le mac Rí nÉirinn, "ach beannacht duit-se agus mallacht do bhéal do mhúinte." Ní rabh beirt ba mhuinntirige ná iad in imtheacht an lae uaidh sin suas go dtáinig an tráthnóna. "Tá mise anois" adeir Rí Gréige, "a' dhul ag imtheacht uait go dtéighe mé i bhfolach."

Nuair a fuair an inghean imthithe é gaibhte i bhfolach, “cá bhfuil tú a’ gul a’ tóraidheach m’athair i mbárach?” “Níl fhios agam faoin domhan” adeir sé, “mara bhfuil fhios agat féin é. “Tá fhios” adeir sí. “Tá crann amuich sa ngáirdín atá ceithre fichid troigh ar airde. Níl aon chrann eile chomh hard leis. Tá sé troighthe de bharr an chrainn folamh ina lár agus tá m’athair ann thíos agus dá bhfeicfeá a bharr sin níl aon aithne air thar an gcuid eile den chrann agus tiubhraidh tú leat a’sábh i mbárach atá crochta ar thaobh a’ bhalla agus abróchaidh tú go mba dheas a’ fás na crainnte dá mbeidís uile i gcomhfhad ach go gcaithfidh tú an crann ard a ghearradh as a’ mbealach. Nuair a aireochas m’athair tú ag gearradh an chrainn fuagróchaidh sé go híseal ‘s go hard go bhfuil sé féin annseo.”

Rinne mac Rí nÉirinn mar horduigheadh dhó, agus nuair a d’airigh Rí Gréige é a gul a’ gearradh an chrainn d’fhógair sé go rabh sé féin annseo. “Is seafóideach an áit a rabh tú.” “Is tú an fear is fearr a chonnaic mé ariamh” adeir sé le mac Rí nÉirinn, ach beannacht duit-se” adeir sé “agus mallacht do bhéal do mhúinte.” “Anois” a deir sé le mac Rí nÉirinn “is ort-sa a dhul i bhfolach trí huaire eile agus má fhághimse amach tú aon uair de na trí huaire bainfear an cloigeann díot.”

Nuair a tháinig inghean an Rí le n-a bhéile chuig mac Rí nÉirinn, “cá’l tú a gul i bhfolach i mbárach” adeir sí. “Níl fhios agam beo” adeir sé marb fhuil fhios agat féin é.” “Tá fhios” adeir sí. “Tá capall istigh ins an stábla ag m’athair nach bhfaca léas gaoithe ná gréine le seacht mbliana agus tá mé a’ dul a’ baint tairnge as a’gcrú siar deiridh agus cuirfidh mé isteach thusa i do thairnge ina áit.”

D’imthigh léithe agus thug sí mac Rí nÉirinn isteach ins a stábla. Tharraing sí an tairnge agus shocruigh sí isteach ina thairnge ina áit é. Ar maidin lá ar n-a bhárach chuir Rí Gréige gairm sgoile amach a’ tóraidheacht céad fear ar páidhe go bhfághadh sé mac Rí nÉireann thoir nó thiar, thuas nó thíos. Níor fhágadar cloch nó spreab gan ionntú i bhfoisgeacht ceathramha míle don chaisleán, agus bhí cinnte orthab é a fhághail. Nuair a bhí a gcás tugtha suas acab dubhairt Rí Gréige nach rabh sé in aon áit eile faoin domhan mara raibh sé i bhfolach ag an láir dhonn a bhí sa stábla. D’orduigh sé gabha a bhainfeadh dhi na cruithhe. Chuir sé duine i gcoinne ola mhór go lasadh sé a rabh d’fhionnadh uirthhe. Tháinig an gabha agus chuaidh sé a’ baint di na gcruithhe, agus nuair a tháinig sé go dtí an crú deas deiridh d’eirigh sí seo chomh hard le mullach a’ tighe agus ar thigheacht anuas di bhuail sí de chic an gabha agus mharhuigh sí é.

Chuaidh sgéala amach go rabh an gabha marbh. “Níl mé a’tabhairt blas milleáin di” adeir Rí Gréige “faoi n-a dhéanamh nach bhfuil fhios agam dá dtuigim mé féin nach gcuirfeadh an láir dhonn aon fhear i bhfolach orm.” Chuir sé fios ar ghabha eile a chuir na trí cruithhe aríst uirthhe mar bhíodar cheana. “Anois” adeir sé “ní dhéanfaidh mé níos mó tóraidheacht, ní bhfuighfinn é dá dtóruighinn an domhan uiliug.”

Nuair a fuair an inghean ina shuidhe síos é trom tuirseach tar éis an lae chuaigh sí amach agus tharraing sí mac a’Rí a bhí socruighthe isteach in áit tairnge as a’gcrú agus shiubhail mac Rí nÉirinn isteach go dtí Rí Gréige. “Nach breá” adeir sé le Rí Gréige “gur chinn sé ort mé fhághail amach.” “Is fearr duit innseacht dom” adeir Rí Gréige “cá rabh tú.” “Bhí mé istigh” adeir sé “i lár posta do leaptha” adeir sé “agus agus bhí mé ag breathnú ort ag

imeacht a' tóraidheacht." "Níor fhága mé aon áit i bhfoisgeacht ceathramha míle don chaisleán gan tóraidheacht ach an áit sin" adeir Rí Gréige. Leag inghean Rí Gréige a bhéile chuig mac Rí nÉirinn. "Tá déanta go maith agat," adeir sí "ach cé ngabhfaidh tú i bhfolach i mbárach?" "Níl fhios agam" adeir sé "marb fhuil fhios agat féin é." "Tá fhios" adeir sí.

"Tá aon ribe amháin liath" adeir sí, i mbarr driobaill na láireach duinne. Tarraingeoidh mé é agus cuirfidh mé isteach i do ribe liath thusa ina áit."

Ar maidin lá ar na bhárach bhí sé socruighthe isteach ina ribe liath i mbarr driobaill na láireach duinne agus fuair Rí Gréige dhá chéad fear a' dhul le n-a thóraidheacht. Níor fhága sé cloch i bhfoisgeacht leithmhíle dá chúirt, ná spreab gan ionntú agus chinn air. "Níl sé in aon áit faoin domhan anois" adeir sé "marb fhuil sé i bhfolach ag an láir dhonn í féin."

Dubhairt sé le chuile fhear acab a thigheacht le breith uirthe go mbainfeadh sé di a raibh d'fionnadh uirthe. Le leagan do shúl bhí leath-sgór fear marbh aice, agus cuireadh sgéala chuig an Rí. Dubhairt sé leob éisteacht léithe, nach gcuirfeadh sí aon fhear faoin domhan i bhfolach. Nuair a bhí a chás tugtha suas aige shuidh sé síos trom tuirseach agus chuaidh an inghean amach agus tharraing sí mac Rí nÉirinn amach as drioball na láireach duinne agus chuir sí an ribe liath isteach ina áit. Shiubhail sé isteach chuig Rí Gréige.

"Is tú an fear is fearr" adeir sé "a chonaic mé ariamh ach innis dom cá raibh tú i bhfolach." "Bhí mé istigh i bhfardorus na cistinighe agus mé a' breathnú amach ort a' tóraidheacht ar feadh an lae" adeir mac Rí nÉireann.

Tháinig inghean an Rí le n-a bhéile chuige. "Tá déanta go maith agat le dhá lá," adeir sí "ach seo é an uair dheireannach ach cén áit a ngabhfaidh tú i bhfolach i mbárach?" "Níl fhios agam beo" adeir sé, "murab fhuil fhios agat féin é." "Tá fhios" adeir sí, "tá mé a dul a'tarraingt an chúilfhiacail is fuide siar gcloigeann na láireach duinne, agus cuirfidh mé tusa isteach i do chulfhiacail ina háit. "Tá go maith" adeir mac Rí nÉirinn.

Bhí sé socruighthe ar maidin lá ar na bháireach ina chúilfhiacail ag inghin Rí Gréige.

Chuir Rí Gréige trí chéad fear an lá seo dhá thóraidheacht. Ag a sé a chlog trathnóna bhí a gcás tugtha suas acab. Dubhairt sé nach raibh sé in aon spota den ríoghacht. "Tá fhios agam-sa cá bhfuil sé, tá sé i bhfolach ag an láir dhonn in áit eicínt."

Tháinig na trí chéad dá ceannsó nó go ndóghaidís amach ón gcráiceann í agus go mbainfidís di na cruith. D'ionnsuigh sí a gul i ngeallta. Is gearr go mbeidís uiliug marbh ach chuaidh sgéala chuig an Rí go gcaithfidís éisteacht leis. Dubhairt sé nach rabh blas milleáin aige uirthe go raibh fhios aige nach gcuirfeadh sí aon fhear faoin domhan i bhfolach.

Nuair a bhí chuile fhear gaibhte abhaile agus agus an Rí trom tuirseach chuaidh inghean an Rí amach agus bhain sí mac Rí nÉirinn amach a bhí socruighthe ina chúilfhiacail. Shiubhail sé chomh fada le Rí Gréige. "Tá do thrí fhiacail saothruighthe agam" adeir sé le Rí Gréige. "Tá agus mo bheannacht" adeir Rí Gréige, "is tú an fear is fearr a casadh ariamh orm ach sin rud nach bhfuil mise indon a thabhairt duit. Níl ach trí lá ó tháinig cailleadh na n-iongan cruaidh annseo agus bhain sí díom iad. Caithfidh tú a dhul chomh fada léithe ach beidh tú sách luath nuair a gheobhfas tú do bhéile."

Leag an inghean a bhéile chuige agus d'fíafuigh sí dhe a rabh na fiacra saothruighthe aige. Dubhairt sé go rabh, go ndubhairt a hathair leis gur bhain cailleach na n-iongan cruach dhe iad tá trí lá ó shoin, agus go gcaithfeadh sé a dhul go bhfágadh sé uaithe iad. "Ar a bhfac a tú ariamh" adeir inghean an Rí leis, "a ngeallfá go rachfá chomh fada le cailleach na n-iongan cruach maramdtuga sé dhuit an láir dhonn le dhul a'marcuigheacht uirth e mar ní fhágfaidh sí sin aon liobar ar do chuid cnámha gan strachailt díot le n-a cuid iongan in imtheacht na móiméide."

D'imthigh leis agus d'innis sé do Rí Gréige nach rabh sé a gul ann mara bhfágadh sé an láir dhonn le haghaidh marcaidheacht. Níos túisge ná d'fhanfadh sé as thug Rí Gréige gealltanais ar í a thabhairt dó.

Bhí diallaid socruighthe i gcomhnaidhe uirth e agus d'imthigh le mac Rí nÉirinn. D'fosgail sé doras a' stábla agus thug sé amach í. Chomh luath agus chuaidh sé sa diallaid d'eirigh an láir dhonn de léim. Níl aon iarraidh nach dtugadh sí ceathramha acra le le chuile amhthóg léithe agus nár stop sí agus nár mhórchumhnuigh sí gur sheas sí ag doras Chailleach na n-iongan cruach.

D'eirigh an tseanbhean amach chomh luath agus chonaic sí an gaisgidheach a'tigheacht. D'fíafuigh sí dhe céard a bhí sé a iarraidh. Dubhairt sé léithe gurb iad trí fiacra Rí Gréige. "Céard a thug eolas duit ar iad a bheith agam-sa nó cé dubhairt leat a thigheacht dhá dtóraidheacht." "Tá mé curtha faoi gheasa ag mo leas-mháthair" adeir sé "a thigheacht dhá dtóraidhteacht den Rí Gréige don Domhan Thiar agus deir sé sin go bhfuil siad bainte agat-sa dhe le trí lá. "Is fíor sin" adeir sí "agus ní bhfuighfidh tusa iad gan troid."

D'ionnsuigh an bheirt a chéile agus ní aon uair a d'fágadh an láir deis ar an gcailligh nach mbuaileadh sé den dá chois deiridh isteach ar an gcliabhrach í go raibh diúin agus deireadh an lae a' tigheacht agus faoi dheireadh d'airigh sé go raibh an chailleach a'dul chun deiridh. D'fhuagair sí air ceathramha a hanma a leigean léithe agus go dtiubhradh sí dhó iad gan chogadh. "Cá bhfuil siad agat?" adeir mac Rí nÉirinn. "Tá trí chéad seaicéad os cionn a chéile orm agus tá siad sa gceann is fíde isteach."

Thosuigh sé ag gearradh seaicéad go bhfuair sé as a dheireadh iad. Chuir sé síos ina phóca iad agus d'imthigh sé leis.

Nuair a bhí sin déanta thug sé aghaidh ar chúirt Rí Gréige ar ais aríst agus bhí an inghean amuigh go bhfeiceadh sí ag tigheacht é. Labhair sí leis leithchéad slat ón gcaisleán agus d'fíafuigh sí dhe a rabh sé dul a glacadh buidheachais ar bith léithe as ucht a rabh déanta aice dhó.

"Táim" adeir sé. "Má tá tú sásta pósfaidh mé féin agus tú féin ach caithfidh mé mo gheasa a chur díom ar dtús. Caithfidh mé iad seo a spáint do mo leas-mháthair." "Tá go maith" adeir sí "beidh tú a' tabhairt t-aghaidh ar Éirinn i mbárach."

"Béad."

Ar maidin lá ar n-a bhárach ins an am a raibh sé seo a' dul a sgaradh léithe bhain sí sliseog de chána a bhí aice agus rinne sí long mhór luchtmhar di. Bhuaile sí cic mhór uirth e. Chuir sí seacht n-iomaire, seacht bpéirís, seacht ngarrdha síos de thalamh glas í agus chuir sí amach

ar sa bhfairrge í. Bhí sé seo de léim innte istigh. Chroch sé suas a cuid seolta bocánta bacánta comhfhada comhdhíreach go barra na na gcrann. Ní fhágfadh sí seo téad tíre gan tarraingt le rabh de shiubhal innte. Bhí na heasgonaí a bhí i n-íochtar na fairrge a gul i n-aagallaibh a chéile le faitchíos roimpe. Bhí an gaineamh garbh ag dul i n-íochtar agus agus an gaineamh mín a’ dul i n-uachtar. Bhí an faoilleán a’ coinneál ceolta ó thosach na loinge go deireadh na loinge. Bhéarfadh sí ar an ngaoith a bheadh roimpi seacht n-uaire shul a mbéarfadh an ghaoth a bhí ina diaidh aon uair amháin uirthi. Níor stop sé agus níor mhórchomhnuigh sé go dtáinig sé isteach go hÉirinn san áit ar fhága sé, agus tháinig sé go dtí an teampull ar dtús san áit a rabh a leas-mháthair faoi gheasa aige. Bhí sí ansinn le stoirm agus báisteach ó d’imthigh sé réidh le tuitim ag pointe ar bith.

“Bhfuil na fiacra agat?” adeir sí go lag. “Tá” adeir sé “agus má tá ní gan trioblóid é.” “Tabhair dom anois iad” adeir sí “go bhfeice mé iad.” “Má bhí sé i do mhargadh mise dá bhfágáil ní raibh sé i do mhargadh mise dá dtabhairt duit.”

Nuair nach bhfuair sí na fiacra thuit sí i ndiaidh a mullaigh de bhinn a’teampuill. Bhí sé ráidhte go rabh sí marbh shul ar shroich sí an talamh. Tháinig Mac Rí nÉirinn isteach go dtí an t-athair agus chaitheadar an oidhche sin go han-chompóirteach. Dubhairt sé leis an athair go gcaithfeadh sé dhul ar ais aríst an bealach céadna. “Ní fheicfeá-sa ná aon duine eile aon amharc go deo orm mar comrádaidhe maith a casadh orm. Gheall mé dhi chomh luath agus bheadh ma gheasa díom agam go dtiocfainn aríst chomh fada léithe nó go bpósadh muid.”

D’fhág sé slán ag an athair. Bhí sé sin ag gabháil de bheannachtaí air gur imthigh sé as amharc. Níor stop sé agus níor mhórchomhnuigh sé nó go ndeachaidh sé don Domhan Siar nó go dtáinig sé isteach i gcúirt Rí Gréige. Phós sé féin agus an inghean. Caitheadh bainis seacht n-oidhche agus seacht lá acab. Bhí beag uaisle agus mór uaisle na tíre ann thart timcheall. D’imthigh chuile fhear agus chuile bhean agus tháinig mac Rí nÉirinn agus inghean Rí Gréige abhaile go hÉirinn.

Lá Fhéile Peadar ‘s Pól Muigh-Iorruis 1934

Pádraic Ó Maoilchiaráin a bhí san Aird Thoir a’ d’innis an sgéal do Phádraic Mac Donnchadha sé déag is fiche blianta ó shoin. Tá Pádraic féin Ó Maoilchiaráin cailte le seacht fichead de bhlianta. Go ndéana Dia trócaire air. Améin.